





# An Painéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac

*Achoimre ar Sheisiún 3*

[ 17-19 Bealtaine 2024]

# I mbeagán focal...

## Cé na gníomhaíochtaí tosaíochta is gá a dhéanamh chun an fuath a chomhrac?

Ag an tríú seisiún, an seisiún deireanach, de Phainéal Saoránach Eorpach, tháinig timpeall 150 saoránach ó gach cearn den Aontas le chéile sa Bhruiséil an 17-19 Bealtaine. Bhí an deireadh seachtaine sin de dhíospóireacht agus obair dhian dírithe ar na moltaí don Choimisiún Eorpach a thabhairt chun críche.

A bhuí lena ndíograis síoraí agus a ndúthracht dhaingean, ghlac na saoránaigh 21 mholadh chun an fuath sa tsochaí a chomhrac. Glacadh iad i seisiún iomlánach agus cuireadh ar aghaidh iad chuig Ana Gallego Torres, an tArd-Stiúrthóir, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST).

## Céard a tharlóidh anois?

Tá coinne leis go mbainfear leas as moltaí na saoránach agus tionscnaimh an Choimisiúin á gceapadh amach anseo chun an fuath sa tsochaí a chomhrac. Seo iad na 21 mholadh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Cuirfear an doiciméad deiridh aistrithe go gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais ar fáil go gairid.

## Bí i dTeagmháil

Beimid i dteagmháil libh ar fad chun imeacht aiseolais a eagrú ag a bpléifimid an chaoi a bhfuil bhur gcuid moltaí á gcur san áireamh ag an gCoimisiún Eorpach.

Chun fanacht i dteagmháil leat amach anseo, táimid ag cur tús le gréasán alumni do rannpháirtithe i bPainéil Saoránach Eorpach agus i dtionscadail eile Eorpacha um rannpháirtíocht saoránach. **Mura bhfuil** tú ag iarraidh a bheith páirteach sa líonra sin, cuir ríomhphost chugainn ag COMM-CITIZENS-PANELS@ec.europa.eu agus bainfimid d'ainm den liosta seoltaí.

Feicfidh tú rogha grianghraf ó na seisiúin Painéil ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach. Ná bíodh leisce ort iad a roinnt le do chairde, le do theaghlach, agus le do líonraí sóisialta!

Scaipeann AS JUST **nuachtlitir mhíosúil** a chlúdaíonn na scéalta, na himeachtaí agus na foilseacháin is deireanaí. Is féidir leat clárú chun é a fháil ag an nasc seo.

Tá tuilleadh eolais maidir le beartas an Aontais i ndáil leis an gceartas, cearta tomhaltóirí agus an comhionannas inscne ar fáil ar a shuíomh gréasáin: Ceartas - An Coimisiún Eorpach (europa.eu) nó ar X: (@EU_Justice / X (twitter.com).

# ‘Creideann muidne, saoránaigh de chuid na 27 mBallstát den Aontas Eorpach, gur tosaíocht é an fuath a chomhrac san Eoraip agus ar fud an domhain.’

## In áit an fhuatha agus na deighilte, is iad na luachanna Eorpacha an rud atá i gcoitinne againn, is iad sin an comhionannas, meas ar chearta an duine agus an dínit



### ‘Cuidíonn tusa lenár ndaonlathais a chosaint.’

I ndiaidh dhá mhí d’obair chrua, tháinig na saoránaigh ar ais chun na Bruiséile don deireadh seachtaine deiridh den Phainéal Saoránach Eorpach seo maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac. Tháinig siad le chéile ar feadh deireadh seachtaine amháin eile chun na smaointí a forbraíodh le linn an dá sheisiún a bhí ann roimhe a iompú ina moltaí don Choimisiún Eorpach. De hAoine, tháinig na saoránaigh le chéile i seisiún iomlánach mar ar chuir **Dana Spinant, an tArd-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AS COMM)** fáilte rompu agus mar a ndearna sí comhghairdeas leo as a gcuid oibre: *‘Is mór an ghaois atá agaibh, chuaigh an chomhbhá a léirigh sibh mar chuid den Phainéal seo i bhfeidhm orm, ach oiread leis an macántacht agus an oscailteacht sa phlé ar ábhar casta. Is mór againn é go dtacaíonn sibh ar fad le guthanna na saoránach a chur i láthair ar an leibhéal Eorpach.’*

### Sainiú na faidhbe: Bonn na moltaí a shocrú

Ó bhí Seisiún 2 ann, bhí coiste eagarthóireachta ar a raibh baill den Phainéal ag obair ar shainiú na faidhbe a thabhairt chun críche, agus tuairimí na bPainéalaithe ar fad á gcur san áireamh.

*‘Ba é an aidhm a bhí ann na torthaí ón meitheal a thiomsú agus téacs coiteann a chur ar fáil (…). Ar deireadh, chaitheamar 3.5 uair ag dul tríd focal ar fhocal agus abairt ar abairt chun an t-eolas ar fad ó na 12 mheitheal a chur leis.’* a mhínigh Gerhard, ball den fhoireann eagarthóireachta.

Déanann an fuath difear do gach cuid den sochaí. Creideann na rannpháirtithe gur cúram tábhachtach é an fuath a chomhrac san Eoraip agus ar fud an domhain. Cuirtear i dtábhacht sa téacs go bhfuil baol ann go mbuanóidh an fuath atá fréamhaithe i gcoinbhleacht timthriall de naimhdeas agus de dheighilt, mura ndéanfaí iarrachtaí gníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar na créachtaí arb iad cogaidh is cúis leo, mar shampla, agus chun iad a chneasú. Leagann an téacs béim freisin ar fhreagracht na bpolaiteoirí agus na bpearsana poiblí maidir le scaipeadh na fuathchainte, rud a dhéantar níos measa leis na meáin agus na meáin shóisialta. Cuireann na saoránaigh i dtábhacht gur féidir leis an easpa oideachais maidir le

féiniúlachtaí agus cultúir éagsúla, caoinfhulaingt, agus cumarsáid chomh maith leis an easpa eolais iontaofa ar líne míthuiscintí a dhaingniú, claontachtaí a bhuanú agus a bheith ina gcúis le fuath.

## Aiseolas na saineolaithe i mbeagán focal

### Oideachas mar bhunluach chun daoine fásta na todhchaí a mhúnlú

**Robin Sclafani, Stiúrthóir CEJI**, *'Tá oideachas thar a bheith tábhachtach chun go mbeidh daoine sásta agus feidhmiúil. Tá cumhachtaí an Aontais srianta faoi láthair, ach is féidir an-chuid a dhéanamh chun gníomhaíocht stáit a spreagadh chomh maith.'*

### Cumas Painéal Saoránach an comhtháthú sóisialta a dhaingniú

**Federico Faloppa, Ollamh leis an tsochtheangeolaíocht ag Ollscoil Reading,** *'I mbailte meánmhéide, san Iodáil/sa Ríocht Aontaithe, tá eagraíochtaí ag iarraidh painéil saoránach a thabhairt le chéile. I gceann de na bailte sin san Iodáil, feictear dúinn go bhfuil gnólachtaí faoi bhláth toisc go bhfuil siad 'saor ón bhfuath' agus go dtacaíonn siad le cearta an duine. Ní mór dúinn guthanna áitiúla a thabhairt le chéile. Is é sin an chaoi ar cheart dúinn a bheith ag obair le chéile chomh maith — institiúidí de chuid an Aontais, institiúidí náisiúnta agus institiúidí áitiúla.'*



### An maith an réiteach é an intleacht shaorga chun an fuath a chomhrac?

**Nesrine Slaoui, Iriseoir Neamhspleách**, *'Mura ndéanaimid an fuath ar an idirlíon a chomhrac, ní fiú dul níos faide. Tá algartaim ríthábhachtach anseo, ach tá gá le rannpháirtíocht an duine freisin. Níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar an ngné airgeadais: is corparáidí ilnáisiúnta iad na hardáin, is féidir leo airgead a thuilleamh le hábhar, bíodh sé maith nó olc. Is gá oideachas a bheith ag saoránaigh chomh maith. Tá ciníochas agus gnéasachas ionsuite ag an intleacht shaorga; ní féidir linn ár dtodhchaí a chur i ngeall ar uirlisí a bhfuil tionchar ag na claontachtaí sin orthu.'*

### Cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint sonraí agus an comhrac in aghaidh an fhuatha ar líne

**Louisa Klingvall, AS JUST**, *'Is i gcomhthéacs daonlathach a mhairimid san Eoraip, ach ní gá gur mar sin atá ar fud an domhain. Is féidir leis an anaithnideacht cúrsaí a athrú agus is bealach é do roinnt daoine iad féin a chur in iúl, ach tagann an fhuathchaint as sin chomh maith. Is féidir le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eolas a fháil fúthu siúd a scaipeann teachtaireachtaí fuatha, go háirithe faoi DSA (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)'.*

**Martin Sacleux, AS JUST,** *'An chothromaíocht idir cosaint sonraí agus an comhrac in aghaidh ábhar fuatha ar líne, is rud í a bhíonn á saothrú againn de shíor sa Choimisiún Eorpach, agus sin an fáth a bhfuil an rialachán maidir le cosaint sonraí an-chosantach. Foilsítear na billiúin mír ábhair gach lá, mar sin tá na hacmhainní de dhíth orainn freisin chun cuidiú leis na húdaráis ábhar a shainaithint agus a scagadh. Tá sé tábhachtach ábhar fuatha a thuairisciú chun gur féidir lucht a dhéanta a ionchúiseamh.'*



### Na grúpaí is leochailí a chosaint trí oiliúint a chur ar dhaoine a théann i gcomhar leo

**Daris Lewis Recio, Oifigeach dlí agus beartais ag Equinet**, *'Tá an-chuid tionscnaimh pholaitiúla agus dlí ann, go háirithe maidir le himircigh, agus conas is féidir linn déileáil leis an bhfuathchaint maidir le daoine atá díreach tagtha.'*

### Tacú le híospartaigh agus cead a thabhairt dóibh iad féin a chur in iúl gan bhac gan bhreithiúnas

**Arun Mansukhani**, *'Ní mór dúinn oiliúint a chur ar dhaoine a ghlacann ráitis chun an tacaíocht is fearr a chur ar fáil d'íospartaigh. Is é an síceolaí is fearr an póilín atá curtha ar an eolas faoin gcás agus na daoine a ghlacann teistiméireacht an íospartaigh.'*

**Ingrid Bellander Todino, Ceann Aonaid, Beartas um Chearta Bunúsacha, AS JUST**, *'Ritheamar reachtaíocht maidir le cearta íospartach in 2012, reachtaíocht a thugann tacaíocht agus cúnamh d'íospartaigh na coireachta. Tá cosaint ann cheana féin d'íospartaigh sna Ballstáit, ach ní mór dúinn a chinntiú go gcuirtear chun feidhme í agus go bhfuil sí inrochtana d'íospartaigh, agus is gné ríthábhachtach é seirbhísí tacaíochta a bheith ar fáil chun na rudaí atá de dhíth chun cuidiú le híospartaigh a leagan amach.'*

## Rinneadh 21 mholadh a dhaingniú agus a cheiliúradh!

Ar an Satharn, d'oibrigh na saoránaigh i 12 ghrúpa chun a 21 mholadh a chur i gcrích. Is féidir cuid acu a léamh thíos:



- **Feachtas poiblí a úsáid chun feasacht a ardú maidir leis an bhfuath agus na bearta agus na réitigh atá ann cheana féin chun dul i ngleic leis**. Molann an Painéal Saoránach Eorpach gur cheart don Aontas Eorpachfeachtas feasachta a eagrú maidir leis na contúirtí a bhaineann leis an bhfuath, na cúiseanna atá leis agus na bearta chun é a chomhrac. An tráth céanna, ba cheart don Aontas eolas a chur ar fáil maidir lena thionscnaimh éagsúla in aghaidh an fhuatha agus na cainéil agus bearta tacaíochta atá ar fáil d'íospartaigh.
- **Cárta Eorpach um Shurfáil Shábháilte** chun úsáid shábháilte Idirlín a chinntiú do leanaí ó aois 8 mbliana. Leis an gcárta sin, ba cheart go bhfaigheadh leanaí na scileanna is gá chun an Idirlíon a úsáid go neamhspleách agus go sábháilte.
- **An chumarsáid neamhfhoréigneach a chur chun cinn**. Ba cheart don Aontas poiblíocht níos fearr a dhéanamh maidir leis na cúrsaí oiliúna atá aige cheana féin i ndáil leis an bhfuathchoireacht, an fhuathchaint agus an chumarsáid neamhfhoréigneach agus ba cheart dó iad a chur chun cinn do spriocghrúpaí sonracha. Ba cheart an chumarsáid neamhfhoréigneach a dhéanamh inrochtana do gach glúin sna Ballstáit ar fad trí chláir oideachais.
- **Meáin níos neamhspleáiche**. Ba cheart a chur de cheangal ar na meáin obair le heagraíochtaí neamhspleácha seiceála fíricí agus a bheith trédhearcach maidir lena bhfoinsí cistiúcháin. Ba cheart teorainn a chur le líon na n-eagraíochtaí meán is féidir a bheith faoi úinéireacht ag duine nó cuideachta. Moltar rannpháirtíocht saoránach níos mó sna meáin freisin chun tionchar níos mó a thabhairt dá n-ábhar agus chun cultúr coiteann cómhalartachta agus measa a chur chun cinn.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuathchaint ar líne agus í a ionchúiseamh**. Ba cheart anaithnideacht ar an idirlíon a rialú chun gur féidir leis na húdaráis inniúla údair fuathchainte a rianú níos fearr agus iad a ionchúiseamh. Ba cheart don Choimisiún Eorpach meitheal a chruthú chun an comhshainiú ar 'fhuathchaint neamhdhleathach' a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú. Ba cheart intleacht shaorga a úsáid chun srian a chur le scaipeadh na fuathchainte ar na meáin shóisialta. Ní mór a chur de cheangal ar ardáin/oibreoirí a n-algartaim a oiriúnú chun raon níos fairsinge tuairimí a chraoladh.
- **Cód iompair do FPEnna.** Molann an Painéal Saoránach go gcuirfí ar bun coiste neamhspleách iontaoibhe chun cód iompair a fhorbairt d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuathchaint agus ar an mífhaisnéis.
- **Painéil Óige Eorpach**. I scoileanna, d'fhéadfadh eagrú díospóireachtaí i múnla na bPainéal Saoránach cuidiú le cultúr plé a scaipeadh i measc na glúine óige. Mar shampla, chruthódh díospóireacht maidir le bia sa cheaintín scoile, agus nósanna creideamh éagsúil á gcur san áireamh, deis tús a chur le comhráite faoi ábhair shonracha a dhéanann difear do leanaí ar bhonn laethúil, agus d'fhéadfadh na daltaí tairbhe a bhaint as saineolas na bhfoirne ceaintín agus na gcócairí. Le nascadh scoileanna, d'fhéadfaí malartuithe a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach. Do dhaoine atá 16-25 bliana d'aois, ba cheart painéil Eorpacha maidir leis bhfuath a eagrú (i múnla na bpainéal atá ann cheana) ar ábhair a dhéanann difear díreach dóibh: ciapadh ar líne, etc.



## 'Is sibhse bunús na díospóireachta daonlathaí.'

Ar an Domhnach, ba i seisiún iomlánach a bhí na saoránaigh arís chun na 21 mholadh dheiridh a chur i láthair agus measúnú a dhéanamh orthu. Rinne na saoránaigh measúnú ar gach moladh agus scála 1 go 6 á úsáid acu chun a leibhéal tacaíochta a léiriú. Rinneadh comhaireamh ar na vótaí i láthair breathnóirí saoránach chun trédhearcacht a chinntiú.

Tar éis na gcur i láthair agus na vótála, thug an painéalaí is sine, Gemma ón Iodáil, agus an painéalaí is óige, Camille ón bhFrainc, na moltaí d'**Ana Gallego Torres, an tArd-Stiúrthóir, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST).** Ghabh an tArd-Stiúrthóir buíochas leis an 150 saoránach as a ndúthracht dhaingean, a rannpháirtíocht ghníomhach agus a ngaisce éachtach.

Chun críoch a chur leis an deireadh seachtaine, fuair na saoránaigh teachtaireacht buíochais ó **Dubravka Šuica, an Leas-Uachtarán um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht**, a chuir béim ar an tábhacht a bhaineann le ról a thabhairt do shaoránaigh sa phróiseas beartais, chun a nguth a chloisteáil agus chun a chinntiú go bhfreastalaíonn na hinstitiúidí Eorpacha ar ábhair imní na saoránach, *'Tá bhur ndúthracht ag cuidiú lenár ndaonlathais a dhéanamh níos athléimní. Táimid bródúil as na Painéil Saoránach seo... Táim ag tnúth le bhur gcuid moltaí a léamh, go raibh maith agaibh as bhur gcuid oibre.'*

**Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach na hAoine!**

**Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach an Domhnaigh!**

# Buaicphointí an Phainéil, dar libh

**Matilde, an Iodáil,** *'Ba bhuaicphointe dom é bualadh le daoine ó gach cearn den Eoraip toisc go bhfoghlaimíonn tú an oiread sin ó dhaoine eile. B'in an chéad uair domsa freisin an tAontas a fheiceáil ag dul i dteagmháil le saoránaigh i ndáiríre. B'fhíordheas an t-eispéireas é.'*

**Nelson, an Pholainn,** *'Ba í an mheitheal an ghné ba mhó a thaitin liom: bhíomar in ann muid féin a chur in iúil, ár dtuairim a thabhairt, an t-ábhar a phlé, agus fiú murar aontaíomar lena chéile, bhí an t-atmaisféar dearfach i gcónaí. Dá mbeadh orm cuimhneamh ar bhomaite amháin, chuimhneoinn ar*


*na teistiméireachtaí le linn an chéad seisiúin - bhí sé an-tochtmhar.'*

**Petra, Poblacht na Seice,** *'Bhain mé an-taitneamh as na tuairimí éagsúla a bhí ag daoine - fiú má bhí easaontas ann, bhí orm éisteacht le daoine agus a gcuid tuairimí a chur san áireamh. Chuir mé le mo chuid eolais, agus thaitin an próiseas agus bualadh le daoine nua ó gach cearn den Aontas go mór liom. Bhain mé taitneamh ar leith as an seisiún grúpa, ba mhór agam na deiseanna gáire thar aon ní eile.'*

**Sybel, Lucsamburg,** *'Dá mbeadh orm cuimhneamh ar nóiméad amháin i ndiaidh na trí sheisiún, chuimhneoinn ar Camille agus Gemma ag tabhairt na moltaí d'Ana Gallego Torres. Is léiriú é an gníomh sin ar an obair ar fad agus an iarracht chomhchoiteann a rinneadh chun teacht ar chomhdhearcadh maidir leis na 21 mholadh sin. Táim bródúil as ar bhaineamar amach, ní raibh sé éasca, bhí easaontas eadrainn uaireanta ach tháinig gach duine le fonn a thuairim a thabhairt chun cur leis an bplé. Léiríonn an t-eispéireas seo gur féidir le saoránaigh a bheith rannpháirteach agus smaointí ábhartha a thabhairt do pholaiteoirí.'*

# An deireadh seachtaine trí shúile Sylvain

Is éascaitheoir grafach é Sylvain Mazas, agus coinníonn sé taifead ar fhorbairt an phlé ag an bPainéal.
Seo léargas ar a thuairimí faoin deireadh seachtaine.




## Imeachtaí eile

Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh roinnt agaibh sa Bhruiséil arís le cúpla seachtain anuas, chun ionadaíocht a dhéanamh don Phainéal ag imeachtaí agus comhdhálacha éagsúla. Gabhaimid mórbhuíochas leo siúd ar fad a bhí ina n-ionadaithe deonacha!

D'eagraigh an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST) an mórimeacht leantach an 13 Meitheamh 2024. Ba é an t-imeacht sin an 12ú cruinniú den Ghrúpa Ardleibhéil maidir leis an bhfuathchaint agus leis bhfuathchoireacht a chomhrac, grúpa ina bhfuil airí rialtais ceartais, cultúir agus forfheidhmithe dlí. Deis a bhí ann do ghrúpa saoránach a bheith i láthair chun na moltaí a thabhairt d'ionadaithe na mBallstát, agus cuireadh béim ar na moltaí a bhraitheann go mór ar ghníomhaíocht náisiúnta, na cinn na bhaineann le hoideachais, mar shampla.

Bhí dhá imeacht thábhachtacha eile ann ag ar tugadh an deis do roinnt saoránach obair an Phainéil a chur i láthair. D'eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an chéad cheann an 31 Bealtaine 2024, tráth a ghlac seisiún iomlánach CESE an Tuairim:Ní ghlacfar leis an bhfuath:Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha. Bhí an dara himeacht, a d'eagraigh JRC, mar chuid den 5ú Féile um Rannpháirtíocht Saoránach agus Daonlathas Dioscúrsach.

Buíochas mór do na saoránaigh a thug a gcuid ama go deonach (agus a roghnaíodh go randamach) agus a d’fhill ar an mBruiséil chun freastal ar na trí imeacht sin thar ceann an Phainéil!